

Na Coimisinéirí Ioncaim

Rialachas



Corparáideach

Clár na nÁbhar

Caibidil 1: Creat um Rialachas Corparáideach na gCoimisinéirí Ioncaim	1
Creat um Rialachas na gCoimisinéirí Ioncaim	1
Neamhspleáchas na gCoimisinéirí Ioncaim	1
Caibidil 2: Cultúr, Éiteas agus Luachanna na gCoimisinéirí Ioncaim.....	2
Caibidil 3: Róil agus Freagrachtaí Ardbhainistíochta	3
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	3
<i>Ról an Bhoird</i>	4
<i>Feidhmeanna Forchoimeáda</i>	4
Cathaoirleach agus Oifigeach Cuntasaíochta	5
<i>Cathaoirleach</i>	5
<i>Oifigeach Cuntasaíochta</i>	5
<i>Rúnaithe Cúnta</i>	6
<i>Príomhoifigigh</i>	7
Caibidil 4 - Coistí Bainistíochta Feidhmiúcháin.....	8
An Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB)	8
<i>Ról an CCB</i>	8
<i>Freagracht an CCB</i>	8
<i>Téarmaí Tagartha an CCB</i>	8
<i>Grúpaí Oibre an CCB</i>	9
Feidhmeannas Bainistíochta Gnó (FBG).....	10
<i>Ról an FBG</i>	10
<i>Téarmaí Tagartha an FBG</i>	10
Feidhmeannas Faisnéise agus Teicneolaíochta (FFT)	11
<i>Ról an FFT</i>	11
Grúpa Bainistíochta Máil (GBM).....	13
<i>Ról an GBM</i>	13
<i>Téarmaí Tagartha an GBM</i>	13
An Coiste Bainistíochta Riosca (CBR)	14
<i>Ról an CBR</i>	14
<i>Téarmaí Tagartha an CBR</i>	14
Líonra Oifigí Náisiúnta (LON).....	15
<i>Ról an LON</i>	15
<i>Téarmaí Tagartha</i>	15
Líonra Seirbhíse Reachtaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim (LSRCI)	16
<i>Ról an LSRCI</i>	16

<i>Téarmaí Tagartha</i>	16
An Coiste Iniúcháireachta	17
<i>Ról an Choiste Iniúcháireachta</i>	17
<i>Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúcháireachta</i>	17
Caibidil 5 – Rialachas Tionscadail	19
Bainistíocht Tionscadail	19
Caibidil 6 – Straitéis, Pleanáil Gnó agus Athbhreithniú Feidhmíochta	21
Ráiteas Straitéise	21
Creat Pleanála Bliantúla	21
Athbhreithniú agus Forbhreathnú Feidhmíochta	21
Tuarascáil Bhliantúil	21
Caibidil 7– Socruithe Bainistíochta Airgeadais	22
Bainistíocht Airgeadais	22
Soláthar poiblí	22
Comhlíontacht Chánach.....	23
Caibidil 8 – Socruithe Iniúcháireachta Inmheánaí agus Dearbhaithe	24
Iniúcháireacht Inmheánach	24
Creat Dearbhaithe	24
Nochtuithe Cosanta.....	25
Rialáil Brústocaireachta	25
Caibidil 9 – Bainistíocht Sonraí	26
Comhroinnt Sonraí	26
Cosaint Sonraí	26 Saoráil
Faisnéise	27
Rúndacht Cáiníocóirí	27
Nós Imeachta maidir le Gearáin ó Chustaiméirí.....	27
Caibidil 10 – Cumarsáid	28
Cumarsáid Inmheánach	28
Cumarsáid Sheachtrach	28
Caibidil 11 – Caidreamh le Geallsealbhóirí	30
Caidreamh le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile	31
Caidrimh le cleachtóirí agus ionadaithe gnó.....	31
Aguisín 1 – Rannóga na gCoimisinéirí Ioncaim	33
Aguisín 2 – Riachtanais Rialachais Rialála	34



Caibidil 1: Creat um Rialachas Corparáideach na gCoimisinéirí Ioncaim

Creat um Rialachas na gCoimisinéirí Ioncaim

Leagtar amach sa doiciméad na struchtúir agus na socruithe oibre atá i gcreat rialachais chorparáidigh na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá an creat bunaithe ar chóras rialacha, cleachtas agus próiseas agus an chaoi a roinntear freagrachtaí agus cearta ag leibhéal corparáideach. Is é is cuspóir leis ná a chinntiú go nailínítear struchtúir i gceart le straitéisí agus stiúradh gnó, cuntasacht a mhéadú agus riosca a mhaolú, agus gealltanais a thabhairt go bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tugann na tosca seo le chéile creat de phrionsabail, struchtúir agus próisis a rialaíonn agus a threoraíonn an bealach a dhéanann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a chuid gnó. Rialaíonn sé luachanna, fealsúnacht, cleachtais agus cultúr comhroinnte Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus a dhaoine. Seo a leanas príomhphrionsabail shocruithe Rialachais Chorparáidigh na gCoimisinéirí Ioncaim:-

- struchtúir, ról agus freagrachtaí corparáideacha;
- pleanáil straitéiseach;
- trédhearcacht agus cuntasacht ghnó;
- caidreamh le geallsealbhóirí; agus
- iompar eiticiúil.

Tugtar aird sa chreat ar an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís agus tá sé ceaptha a bheith ina dhoiciméad beo, ag forbairt de réir an dea-chleachtais.

Neamhspleáchas na gCoimisinéirí Ioncaim

Ó bunaíodh na Coimisinéirí Ioncaim i 1923, athdhearbhaigh Rialtais i ndiaidh a chéile agus an tOireachtas prionsabal neamhspleáchais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ina dhéileálacha le gnóthaí cánacha aon duine, gnó nó eintitis eile faoin reachtaíocht cánach agus custam. Meastar go bhfuil an neamhspleáchas seo ríthábhachtach chun sláine an chórais cánachais a chothabháil agus tá sé mar bhunchloch do chreat Rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim. Tugtar feidhm dlí sa cheist seo faoi Alt 101 den Acht um Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011. Cinntítear san fhoráil seo nach bhféadann feidhm a bheith ag Alt 9 den Ordú um na Coimisinéirí Ioncaim, 1923 ná ag Alt 9(3) den Acht Airí agus Rúnaithe, 1924, a bhaineann le freagrachtaí agus rialuithe Aireachta, le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu faoin reachtaíocht chánach agus custam. Ní shíneann neamhspleáchas na gCoimisinéirí Ioncaim le riar foriomlán na gcóras riartha cánachais agus custam ná le rialacháin na Státseirbhíse agus i ndáil leo seo, tá na Coimisinéirí Ioncaim cuntasach don Aire Airgeadais.

Caibidil 2: Cultúr, Éiteas agus Luachanna na gCoimisinéirí Ioncaim

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar na príomhghnéithe de chultúr, éiteas agus luachanna na gCoimisinéirí Ioncaim, agus in éineacht le struchtúir agus socruithe na gCoimisinéirí Ioncaim, cinneann siad an chaoi a stiúrtar an eagraíocht agus an chaoi a seachadann sí a Mísean.

Mísean

“Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a

D’fhonn a Mísean a sheachadadh agus chun torthaí ardchaighdeáin a chinntiú, cothaíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim cultúr d’iompar eiticíúil agus rialachas éifeachtach dearfach. Léirítear é seo i bpríomhluachanna na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá siad lárnach sa [Ráiteas Straitéise](#), [Cód Eitice](#), [Cairt Sheirbhís do Chustaiméirí](#) agus [Sa Chairt um Rannpháirtíocht Fostaithe](#). Moltar do lucht bainistíochta agus don fhoireann uile go rialta eolas¹ a chur ar na cóid, rialacha agus rialacháin ábhartha a bhaineann leo i gcúrsa a gcuid oibre.

Tá sraith croí-phrionsabail mar bhonn faoi straitéisí, próisis agus struchtúir na gCoimisinéirí Ioncaim agus dearadh iad chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:-

- ceannaireacht láidir, oscailteacht agus trédhearcacht a chur ar fáil;

- suim nach mó ná an tsuim cheart chánach nó dleachta a bhailiú;
- dualgais a chomhlíonadh go héifeachtach;
- gníomhú le macántacht, ionracas agus comhsheasmhacht, agus taobh istigh den dlí, inár gcuid déileálacha uile;
- íoslaghdú a dhéanamh ar an gcur isteach ar cháiníocóirí comhlíontacha;
- rúndacht agus cosaint sonraí agus faisnéise a chur ar fáil;
- uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid sonraí, intleachta agus anailíse riosca;
- bheith nuálach chun ár n-éifeachtacht agus ár bhfeidhmíocht a fheabhsú;
- neamhchlaontacht, comhionannas, cothroime agus meas a chinntiú;
- tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár gcumas agus deiseanna forbartha a chur ar fáil dár ndaoine; agus
- comhpháirtíocht a thógáil agus chun caidreamh a bhunú le geallsealbhóirí.

¹ Le cabhrú leis an bhfoireann tá cúrsa ar líne “An eitic in oifig phoiblí” ar fáil. Féadtar teacht air seo ar chóras inlín na gCoimisinéirí Ioncaim (RevNET)


Caibidil 3: Ról agus Freagrachtaí Ardbhainistíochta

Leagtar amach sa Chaibidil seo struchtúir chorparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim agus ról agus freagrachtaí ardbhainistíochta.

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Bunaíodh an Oifig faoi Ordú Rialtais in 1923. Foráladh faoin Ordú do Bhord Coimisinéirí arb éard atá air ná triúr Coimisinéirí, ar Cathaoirleach ceaptha duine acu, agus a bhfuil grád an Ard-Rúnaí acu uile.

Ar an iomlán, tá 16 Rannóg san eagraíocht agus Rúnaí Cúnta i gceannas ar gach ceann díobh. Tuairiscíonn gach Ceannasaí Rannóige do Choimisinéir ar leith atá freagrach as feidhmíocht eagraíochtúil na réimsí a thuairiscíonn go díreach dóibh. Leagtar amach sa Chairt thíos socruithe tuairiscithe do na Ceannasaithe Rannóige. Chun tuilleadh sonraí a fháil féach Aguisín 1 agus www.WhoDoesWhat.Gov.ie.



An Bord

Tá triúr Coimisinéirí ar Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim², arna cheapadh ag an Taoiseach, agus ceapann an tAire Airgeadais duine díobh ina Chathaoirleach. Faoi Ordú na gCoimisinéirí, 1923 (I.R. Uimh. 2 de 1923), tá freagracht reachtúil ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim as forálacha a bhaineann lena fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tuairiscíonn siad ar bhonn bliantúil don Aire Airgeadais maidir le Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (ABSP). Is é an Cathaoirleach Oifigeach Cuntasaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim agus Ceannasaí na hOifige faoin ABSP.

Ról an Bhoird

Tá freagracht fhoriomlán ag an mBord as ceannaireacht agus bainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá an méid seo i gceist leis: -


- straitéisí a shainmhíniú agus a chur in iúl a chuireann ar chumas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a mhisean agus a shainordú a chomhlíonadh ar bhealach a fhreagraíonn go héifeachtach dá thimpeallacht oibríochtúil;
- an Oifig a threorú i mbaint amach na gcaighdeán is airde feidhmíochta;
- forbairt agus cur chun cinn cultúir, dearcthaí agus luachanna eagraíochtúla, a thagann leis an bhfís a chuirtear in iúl sa Ráiteas Straitéise;
- cuspóirí corparáideacha tosaíochta a chinneadh agus a athbhreithniú;
- bunchaidrimh sheachtracha thábhachtacha a bhainistiú;
- cuntasaíocht, rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca éifeachtach a chinntiú;
- bheith cuntasach as gach gné de bhainistiú na hOifige, torthaí a bhaint amach agus forfheidhmiú beartais Rialtais de réir mar is cuí;
- bainistiú ar chúrsaí a bhaineann le ceapacháin, feidhmíocht;
- éifeachtúlacht a uasmhéadú i gcúrsaí tras-rannacha;
- treoir straitéiseach a chur ar fáil do na Rúnaithe Cúnta a thuairiscíonn go díreach dóibh;
- freagracht as feidhmíocht na Rannóg a thuairiscíonn go díreach dóibh, agus
- cinntiú go gcloíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim le riachtanais rialála.

Feidhmeanna Forchoimeáda

Coimeádann an Bord freagracht dhíreach fheidhmeannach as na feidhmeanna seo a leanas: - • sannadh ardbhainisteoirí do Rannóga/Brainsí (Rúnaí Cúnta/Príomhoifigeach³);

² Déanann Coiste na gCeapachán Ardleibhéal (TLAC) ceapacháin shinsearacha ag leibhéal an Rúnaí Chúnta agus os a chionn

³ Go ginearálta, is faoi fhreagracht an Rúnaí Chúnta chuí atá sé, i gcomhairle leis an gcomhalta cuí de chuid an Bhoird, Príomhoifigigh a shannadh do bhrainsí áirithe taobh istigh de Rannóga



freagrachtaí a dháileadh ar Cheannasaithe na Rannóg agus ar an gCoiste Comhairleach Bainistíochta (CCB⁴); athbhreithniú ar fheidhmíocht i réimsí freagrachta a tharmligeann an Bord;

- struchtúir eagraíochtúla agus rialachais a chinneadh;
- pleananna bliantúla corparáideacha agus gnó a cheadú;
- leithdháileadh leibhéal acmhainní ar Rannóga (foireann, leithdháiltí buiséid agus acmhainní ábhair);
- straitéis eagraíochtúil fhoriomlán a chinneadh;
- bainistiú ar an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí; agus
- mórchonarthaí, nó conarthaí a mbíonn tionchar suntasach acu ar bheartas/gnó na gCoimisinéirí Ioncaim a athrú a cheadú.

Taobh amuigh de na feidhmeanna seo, forchoimeádann an Bord an ceart le dul i ngleic go díreach i gcás práinne, tábhachtachta nó íogaireachta ar bith, mar shampla cinntí a bhféadfadh fasach suntasach a bheith acu nó a mbeadh riosca suntasach acu do na Coimisinéirí Ioncaim.

Cathaoirleach agus Oifigeach Cuntasaíochta

Cathaoirleach


Ceapann an tAire Airgeadais Cathaoirleach ar Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá freagracht fhoriomlán bhainistíochta ag an gCathaoirleach, mar Oifigeach Cuntasaíochta agus Ceannasaí Riaracháin na gCoimisinéirí Ioncaim, as na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear údarás maidir le hábhair a bhaineann le pionós araíonachta, suas go dtí agus lena n-áirítear dífhostú, don uile bhall den fhoireann faoi ghrád an Phríomhoifigigh. Chomh maith leis sin, is comhalta é an Cathaoirleach de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus faoi láthair is comhalta é de Bhord Cuntasachta na Státseirbhíse.

Oifigeach Cuntasaíochta

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, cuireann Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim ráiteas ar fáil gach bliain ina gclúdaítear éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh atá á choinneáil agus á oibriú ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar a iarrtar faoi fhorálacha Alt 3 (7) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 (An tAcht), cuireann an Cathaoirleach cuntas iniúchta i láthair gach bliain maidir le fáiltas ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim. Is éard atá sa chuntas ná: -

- cuntas ar fháltas agus diúscairt an ioncaim a bailíodh;
- ráiteas ar iarmhéideanna; agus
- nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta chuí.

⁴ I bhfianaise ról agus fhreagrachtaí reachtúla agus feidhmeannacha an Bhoird, tá Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) ag na Coimisinéirí Ioncaim ar a bhfuil an Bord agus na Rúnaithe Cúnta, faoi chathaoirleacht an Chathaoirligh.



Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil don Chathaoirleach agus na ndualgas eile mar Cheannasaí Oifige.

Tagann Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí gach bliain chun déileáil leis na saincheisteanna a thagann chun cinn ó Thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus le nithe eile a bhaineann le gníomhaíochtaí na hOifige ar mian leis an gCoiste iad a phlé. Tá an Cathaoirleach freagrach as na cistí agus an mhaoin phoiblí faoina smacht a chosaint; as rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart ar fad i ngach Cuntas Leithreasa a bhfuil a shíniú le fáil air; agus as éifeachtúlacht agus barainneacht riaracháin sna Coimisinéirí Ioncaim. Tá socruithe curtha i bhfeidhm ag an gCathaoirleach le cuidiú le gnéithe de na dualgais rialachais. Ní fhéadtar freagracht as na nithe seo a leanas a tharmligean: -

- réiteach agus cur i láthair na gCuntas Leithreasa;
- cuntas a thabhairt ar an Vóta Airgeadais, an Ciste Lárnach agus ar roinnt cistí eile;
- Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach a sholáthar don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste leis na Cuntais Leithreasa Bhliantúla;
- teacht i láthair os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí;
- Aonad um Iniúcháireacht Inmheánach a bhunú; agus
- Coiste Iniúcháireachta a bhunú.

Rúnaithe Cúnta

Tarmligeann an Bord freagracht as bainistiú gach Rannóige le Rúnaí Cúnta de réir mar is gá faoi chreat sannachán an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí. Tuairiscíonn gach Rúnaí Cúnta, mar Cheannasaithe Rannóige, go díreach don Chathaoirleach nó do dhuine den bheirt Choimisinéirí eile. Tá gach Ceannasaí Rannóige cuntasach don Bhord as na cúrsaí a tharmligear dó nó di. Seo a leanas na príomhfhreagrachtaí: -

- freagrachtaí a tharmlig an Bord a sheachadadh;
- rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóraim an CCB agus i bhfóraim eile bhainistíochta ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim;
- tacú le bainistíocht éifeachtach eagraíocht na gCoimisinéirí Ioncaim ina hiomláine;
- cuidiú leis an mBord i dtaobh cinntí beartais a dhéanamh agus a fhorfheidhmiú;
- straitéisí na gCoimisinéirí Ioncaim a fhorbairt agus a sheachadadh;
- bainistiú, forbairt agus seachadadh clár agus seirbhísí Rannóige lena n-áirítear feidhmeanna náisiúnta ar leith;
- bainistiú ar ionchur na gCoimisinéirí Ioncaim i mbeartas agus reachtaíocht chánach agus custam;
- cuspóirí ábhartha arna leagan amach sa Ráiteas Straitéise agus i dTosaíochtaí Corparáideacha na

Coimisinéirí Ioncaim a bhaint amach;

cinntiú go bhfuil socrúithe/struchtúir éifeachtacha rialachais, gealltanais agus bainistithe riosca i bhfeidhm; maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht éifeachtach straitéiseach ar acmhainní;

- acmhainn agus cumas a fhorbairt agus tacú leo chun riachtanais ghnó reatha agus amach anseo a shásamh; agus
- bainistiú éifeachtach ar shaincheisteanna ardleibhéil tras-rannacha agus beartais a chinntiú.

Príomhoifigigh

Sanntar freagracht as bainistiú Brainsí do Phríomhoifigigh mar seo a leanas: - •

réimse cuimsitheach de chlár agus straitéisí um chomhlíontacht a fhorfheidhmiú;

- cuspóirí ábhartha a bhaint amach;
- clár agus seirbhísí a sheachadadh;
- cur le hionchur na gCoimisinéirí Ioncaim i mbeartas agus reachtaíocht chánach agus custam;
- tuiscint bheacht agus chomhsheasmhach ar reachtaíocht chánach agus custam a chinntiú;
- tacú le hacmhainn, forbairt agus cumas agus folláine na foirne; agus
- breith a dhéanamh ar rioscaí gnó aitheanta agus atá ag teacht chun cinn.

Grúpa Ardbhainistíochta

Is é feidhm an Ghrúpa Ardbhainistíochta ná comhsheasmhacht a chur ar fáil ó thaobh rialachais, ceannaireachta agus bainistíochta sna Coimisinéirí Ioncaim. Comhaltáí an Ghrúpa is ea an CCB agus na Príomhoifigigh agus buaileann sé le chéile ar bhonn bliantúil chun cuspóirí gnó a fhorbairt agus tosaíochtaí a leagan amach ina leith.



Caibidil 4 - Coistí Bainistíochta Feidhmiúcháin

Leagtar amach sa Chaibidil seo na nósanna imeachta agus socruithe bainistíochta atá i bhfeidhm don CCB agus do chomhlachtaí eile Feidhmiúcháin nó a gcoibhéis a thacaíonn le agus a thuariscíonn don Bhord de réir mar is cuí.

An Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB)

Is éard atá sa CCB ná fóram feidhmiúcháin, cumarsáide agus comhairleach trína dtugtar le chéile an Bord agus na Ceannasaithe Rannóg chun comhoibriú a dhéanamh i gceannasaíocht agus bainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim. Trí fhreagracht chomhoibritheach a ghlacadh as saincheisteanna trasna eagraíocht na gCoimisinéirí Ioncam, freastalaíonn an CCB ar fhreagrachtaí rannóige aonair a chomhaltaí agus ar a fhreagracht chorparáideach mar fhoireann bainistíochta sinsearaí na gCoimisinéirí Ioncaim. Tagann sé le chéile ar a laghad 11 uair sa bhliain.

Ról an CCB

Cuireann an Bord agus na Ceannasaithe Rannóige an CCB ar an eolas maidir le forbairtí san eagraíocht nó a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht, tionscadail straitéiseacha nó cúrsaí eile a bhfuil leas comhchoiteann acu iontu. Ionstraim lárnach é an CCB sa [Chairt um Rannpháirtíocht Fostaithe](#) de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Cuireann na Ceannasaithe Rannóige an fhaisnéis a chuirtear timpeall ag an CCB chuig na Rannóga agus cuirtear achoimre de na himeachtaí ar fáil trí shuíomh inlín na gCoimisinéirí Ioncaim (RevNet).

Tugann an CCB taithí agus eagna chomhchoiteann na foirne ardbhainistíochta le chéile. Leis seo, féadtar tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar na Rannóga agus comhairle a bheith á soláthar don Bhord ag Ceannasaithe Rannóige maidir le ceapadh straitéise agus athbhreithniú ar a fhorfheidhmiú.

Freagracht an CCB

Tarmlichtear don CCB freagracht as saincheisteanna tras-eagraíochtúla ardleibhéil seachas iad siúd a choimeádann an Bord. Áirítear leis seo forbairt Ráitis Straitéise, Pleananna Corparáideacha Bliantúla agus beartas gnó ardleibhéil.

Téarmaí Tagartha an CCB

Seo a leanas téarmaí tagartha an CCB: -

- ceannaireacht chomhoibritheach a chur ar fáil chun cuspóirí straitéiseacha agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim a bhaint amach;
- straitéisí a fhorbairt agus comhairle a thabhairt ina dtaobh lena chinntiú go leanann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim lena mhisean agus a shainordú a bhaint amach; beartais ardleibhéil a rialaíonn iompar éifeachtúil gnó na gCoimisinéirí Ioncaim a fhorbairt agus a ghhlacadh; úsáid acmhainní a mhonatóiriú/athbhreithniú chun na caighdeáin is airde a bhaint amach i seachadadh seirbhísí;
- monatóireacht a dhéanamh ar agus freagairt do dhul chun cinn maidir le baint amach spriocanna gnó agus cuspóirí straitéiseacha;
- monatóireacht, athbhreithniú agus oiriúnú a dhéanamh ar straitéis agus beartais;
- cinntiú go sainaithnítear na príomhrioscaí do na Coimisinéirí Ioncaim agus go dtéitear i ngleic leo ar bhealach tráthúil agus éifeachtach;
- treoir agus ceannaireacht a chur ar fáil chun cultúr sármhaitheasa agus forbartha foirne a chothú;
- oibriú go gníomhach chun cumarsáid oscailte agus éifeachtach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta; agus
- deiseanna le haghaidh feabhsúcháin nó nuálaíochta a lorg go gníomhach.

Cuireann comhaltaí comhairle ar an CCB maidir le ceisteanna a mbíonn leas nó tionchar ábhartha traseagraíochtúla leo, i measc nithe eile: -


- bunú beartaithe grúpálacha tras-rannóige;
- tús a chur le tionscadail a bhféadfadh tionchar suntasach tras-eagraíochtúil a bheith acu; agus
- cinntí gnó a bhfuil tionchar tras-eagraíochtúil acu.

Grúpaí Oibre an CCB

Chun dlús a chur le gnó na gCoimisinéirí Ioncaim, féadann an CCB boird seirbhísí, boird tionscadail, géasáin agus grúpaí ardbhainistíochta a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna beartais nó eagraíochtúla ar leith. Tá na grúpaí sin cuntasach don CCB agus tuairiscíonn siad dó agus tá siad faoi chathaoirleacht comhalta den CCB arna ainmniú ag an mBord. Féadfaidh grúpaí, nuair is gá, daoine a áireamh nach comhaltaí den CCB iad. Cuirtear an Bord agus an CCB ar an eolas de réir a dtéarmaí tagartha.

Feidhmeannas Bainistíochta Gnó (FBG)

Maoirsíonn an FBG forfheidhmiú clár agus tionscadal oibríochtúil náisiúnta. Grúpa é atá á threorú ag Coimisinéirí agus is comhaltaí den ghrúpa iad Rúnaithe Cúnta a bhfuil na freagrachtaí oibríochtúla seo a leanas orthu:



Ról an FBG

Is é ról an FBG feidhmeanna agus gníomhaíochtaí gnó a chomhordú i ngach Rannóg sna Coimisinéirí Ioncaim, chun tionscadail náisiúnta a mholadh agus chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus ar réadú tairbhí clár agus tionscadal náisiúnta.

Téarmaí Tagartha an FBG


Seo a leanas Téarmaí Tagartha an FBG: -

- feidhmeanna agus gníomhaíochtaí gnó a chomhordú i gcomhthéacs pholasaí oibríocháin na gCoimisinéirí Ioncaim go háirithe iad siúd a bhfuil impleachtaí agus tionchar tras-Rannóige acu;
- optamú a dhéanamh ar an gclúdach ar na réimsí riosca;
- monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn foriomlán ar bhailiúchán agus laghdú fiacha in aghaidh na spriocanna arna leagan amach sa Ráiteas Straitéise agus sna pleananna bliantúla corparáideacha agus gnó;
- nuálaíocht agus píolótú ar chur chuigí nua a spreagadh;
- an cleachtas is fearr agus faisnéis nua maidir le riosca a shainiú agus a roinnt;
- tograí le haghaidh tionscadail agus clár oibríochtúla náisiúnta a fhorbairt;
- forfheidhmiú díreach tionscadal agus clár náisiúnta a stiúradh agus cinntiú go mbaintear a gcuspóirí amach;
- fóram a chur ar fáil ina bhféadann na Rannóga Oibríochtúla oibriú le Rannóga Oifige Náisiúnta chun beartas oibríochtúil a fhorbairt; agus
- cumarsáid éifeachtach a chinntiú idir Rannóga Oibríochtúla agus Rannóga Oifige Náisiúnta.

**Rannóga:- (1) Cánacha Gnó, (2) Corparáidí Móra, (3) Cánacha Pearsanta, (4) Cásanna Móra – Daoine Ardrachmais (5) Fiontair Mheánmhéide

Feidhmeannas Faisnéise agus Teicneolaíochta (FFT)

Forbraíonn an FFT straitéis Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) na gCoimisinéirí Ioncaim agus déanann maoirsiú ar thionscadail mhóra agus shuntasacha TFC. Grúpa é seo atá faoi threoir ag Coimisinéirí agus comhaltaí an ghrúpa is ea roinnt Rúnaithe Cúnta agus Príomhoifigeach. Athraítear an chomhaltacht ar bhonn céimnithe cúig bliana ar bhealach a chinntíonn leanúnachas.




Ról an FFT

Fochoiste den CCB atá san FFT. Is é an ról atá aige straitéis Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) na gCoimisinéirí Ioncaim a fhorbairt, tionscadail shuntasacha TFC a mholadh agus maoirsiú a dhéanamh ar a bhforfheidhmiú. Tarmligeann FFT údarás as cláir aonair do Bhoird Tionscadail, faoi chathaoirleacht bainisteoirí gnó ag leibhéal na Rúnaithe Cúnta. Tuairiscíonn Cathaoirleach gach ceann de na Boird Thionscadail don FFT. Tacaíonn an Oifig Clárbhainistíochta leis an FFT agus leis na Boird Thionscadail ina ról. Dearadh feidhm na hOifige Clárbhainistíochta chun tacú le caighdeánú próiseas agus cleachtas agus gníomhaíonn mar “mheantóir” agus mar “forfheidhmitheoir” chun seachadadh in am a chinntiú.

Téarmaí Tagartha an FFT


Seo a leanas Téarmaí Tagartha an FFT: -

- straitéis agus beartas foriomlán TFC a fhorbairt;
- scóip bhliantúil na hoibre TFC agus na buiséid lena mbaineann a athbhreithniú/a cheadú agus iad a mholadh don Bhord;
- tosaíochtaí na gclár agus na dtionscadail TFC a chinneadh i gcomhthéacs Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim; an Straitéis TFC, an Straitéis Ríomhrialtais agus tionscnaimh níos leithne rialtais agus AE;
- moladh a dhéanamh de réir mar is cuí maidir le cláir nó tionscadail TFC-bhunaithe nua a thosú, leithdháileadh acmhainní TFC agus ceapachán bord tionscadail le haghaidh tionscadail TFC;
- monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn foriomlán tionscadail TFC;

- 
-
- comhairle agus gealltanais a thabhairt don lucht ardbhainistíochta agus tacú le maoirsiú éifeachtach ar bhainistíocht riosca;
 - athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail TFC tar éis a bhforfheidhmithe chun measúnú a dhéanamh ar cibé ar baineadh nó nár baineadh amach cuspóirí;
 - próisis éifeachtacha a chinntiú d'aistriú d'úinéirí gnó chun tairbhí fadtéarma a réadú; agus
 - monatóireacht a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus ar dheiseanna gnó nua agus measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht le dul i ngleic le tosaíochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Grúpa Bainistíochta Máil (GBM)

Leagann an GBM amach an treo straitéiseach maidir le máil a bhainistiú. Fochoiste den CCB atá ann agus tá seachtar Ceannasaithe Rannóige ann. Feidhmíonn Rúnaí Cúnta na Rannóige Beartais agus Reachtaíochta Cánacha Indíreacha (RBRCI) mar Chathaoirleach air.



Ról an GBM

Tá ról maoirsithe ag an GBM i ndáil le rialachas máil. Tá freagracht air as measúnú riosca i ndáil le bailiú dleachtanna máil agus as forbairt straitéisí le dul i ngleic leis na rioscaí sin, lena n-áirítear bearta reachtúla agus eile chun an creat rialála do bhailiú na ndleachtanna seo a láidriú.

Téarmaí Tagartha an GBM


Seo a leanas téarmaí tagartha an GBM: -

- bainistíocht agus treoír chuí a sholáthar i ndáil le saincheisteanna Máil, go háirithe iad siúd a bhfuil impleachtaí agus tionchar trasna eagraíocht na gCoimisinéirí Ioncam acu agus tionchar do bhreis agus rannóg amháin;
- an éifeachtúlacht is mó agus is féidir a chinntiú i bhforfheidhmiú gníomhaíochtaí Máil (lena n-áirítear bailiú, iniúchadh agus forfheidhmiú), agus na rioscaí cáil agus eile lena mbaineann á gcur san áireamh;
- cinntiú go meastar na himpleachtaí maidir le trádáil agus gnó i ndáil le gach clár Máil agus go mbíonn timpeallacht fhoriomlán Mháil na hÉireann fabhrach d'iomáiochas náisiúnta;
- cinntiú go mbainistítear tiomantais AE agus idirnáisiúnta eile i ndáil le Mál;
- feasacht a mhéadú ar an bhfeidhm Mháil taobh istigh de na Coimisinéirí Ioncaim agus cinntiú go gcuireann forfheidhmiú a feidhme le bainistíocht fhoriomlán gach cáis agus go n-oireann sé di;
- aird chuí a bheith ar chinntí an CCB maidir le rialachas Máil, breithniú a dhéanamh ar ról reatha sna Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le saincheisteanna Máil agus soiléireacht chuí a thabhairt nuair is gá; agus

- cinntiú go dtugtar na moltaí ábhartha atá i dtuarascálacha um Iniúchadh Inmheánach faoi bhráid réimsí gnó ábhartha na gCoimisinéirí Ioncaim agus go mbíonn gníomh leantach cuí i ndáil le gach saincheist a ardaítear i dtuarascálacha Iniúcháireachta AE.

An Coiste Bainistíochta Riosca (CBR)

Tá an RMC freagrach as clár um bainistiú riosca chorparáidigh struchtúrtha a fhorbairt agus a chothabháil sna Coimisinéirí Ioncaim. Is comhaltaí an CBR iad an seisear Ceannasaithe Rannóige. Is cathaoirleach an Choiste é Rúnaí Cúnta na Rannóige Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus Lóistíochta.



Ról an CBR

Is é ról an CBR rioscaí corparáideacha ardleibhéil a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus a rangú agus forbairt agus cothabháil cláir rioscaí corparáideacha le cinntiú go bhforfheidhmítear gníomhartha maolaithe cuí le dul i ngleic leis na rioscaí seo. Cinntíonn an CBR chomh maith go gcomhtháthaítear straitéisí agus gníomhartha maolaithe i bpróiseas pleanála gnó bliantúil na gCoimisinéirí Ioncaim.


Téarmaí Tagartha an CBR

Seo a leanas Téarmaí Tagartha an CBR: -

- beartas agus caighdeán le haghaidh bainistiú riosca corparáideach sna Coimisinéirí Ioncaim a shainmhíniú agus a chothabháil;
- gníomhartha agus nithe inseachadta chun rioscaí aitheanta a mhaolú nó le dul i ngleic leo a mholadh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha stádais tréimhsiúla ar bhunús measúnuithe riosca;
- cinntiú go mbíonn sainmhíniú soiléir ar ról agus freagrachtaí um bainistiú riosca agus go gcuirtear in iúl iad ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim;
- athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar éifeachtacht an struchtúir, na bpróiseas agus na mbeartas um bainistiú riosca; agus
- tuarascálacha tréimhsiúla a chur faoi bhráid an CCB/an Bhoird ina dtugtar achoimre ar stádas an Chláir um Bainistiú Riosca agus ina dtugtar le fios na mór-réimsí riosca.

Líonra Oifigí Náisiúnta (LON)

Is é ról an LON maoirsiú a dhéanamh, treoir a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh fheidhmeanna na nOifigí Náisiúnta chun cuspóirí straitéiseacha na gCoimisinéirí Ioncaim a bhaint amach. Tá an Cathaoirleach, na Coimisinéirí agus ceathrar Rúnaithe Cúnta sa Líonra. Buailéann an Líonra le chéile gach dara mí.



Ról an LON

Is é ról an LON treoir a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh fheidhmeanna na nOifigí Náisiúnta chun aidhmeanna agus cuspóirí na gCoimisinéirí Ioncaim a bhaint amach.


Téarmaí Tagartha

Is iad Téarmaí Tagartha Líonra na nOifigí Náisiúnta ná:-

- maoirsiú agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtúlacht fheidhmeanna na nOifigí Náisiúnta;
- struchtúir agus acmhainní na nOifigí Náisiúnta a bharrfheabhsú chun tacú le tosaíochtaí corparáideacha;
- cinntiú go leantar le fuinneamh agus fócas chun gealltanais na gCoimisinéirí Ioncaim a sholáthar faoi chláir an Rialtais um athnuachan agus athchóiriú.

Líonra Seirbhíse Reachtaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim (LSRCI)

Is é fócas an LSRCI ná tógáil ar chumas Sheirbhísí Reachtaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim chun an luach is fearr a chur le feidhmíocht ghnó agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar agus ar bhaint amach an chláir forbartha cumais i gcomhthéacs chuspóirí straitéiseacha na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá an Líonra comhdhéanta den Chathaoirleach agus cúigear Rúnaithe Cúnta. Buailéann an Líonra le chéile gach dara mí.



Ról an LSRCI

Is é ról an Líonra ná comhairle, tacaíocht agus moltaí a thabhairt don Chathaoirleach chun clár oibre chumas Sheirbhísí Reachtaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim a shocrú agus an clár forbartha a leagan amach agus fóram a sholáthar chun cheisteanna a chuimsíonn na Rannóga LON a phlé.


Téarmaí Tagartha

Seo a leanas Téarmaí Tagartha an LSRCI:

- chun comhordú, éascú agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt cumais, próisis, córais agus saincheisteanna eile trasna Sheirbhís Reachtaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim agus do shaincheisteanna eile a bhfuil gné tras-rannóige de chuid Sheirbhís Reachtaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag baint leo.

An Coiste Iniúcháireachta

Tá an coiste freagrach as athbhreithniú neamhspleách agus forbheathnú ar phróisis um thuirisciú airgeadais, rialuithe inmheánacha nó aon cheisteanna eile a bhaineann leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh sna Coimisinéirí Ioncaim. Ceapann Bord na gCoimisinéirí Ioncaim comhaltaí coiste ar feadh tréimhse trí bliana de ghnáth. Áirítear le comhaltacht an choiste ionadaíocht sheachtrach shuntasach leis an saineolas cuí. Tá ionadaí na gCoimisinéirí Ioncaim ag leibhéal Rúnaí Cúnta.




Ról an Choiste Iniúcháireachta

Déanann an Coiste Iniúcháireachta maoirsiú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh sna Coimisinéirí Ioncaim agus déanann sé measúnú ar shocruithe rialachais lena n-áirítear bainistiú riosca agus rialuithe inmheánacha. Tuairiscíonn an coiste don Bhord agus tugann gealltanais agus comhairle i ndáil le deachleachtas a chothú in oibriú agus forbairt na feidhme seo. Tagann an coiste le chéile ar a laghad ceithre huaire sa bhliain.

Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúcháireachta

Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta faoi Chairt an Choiste Iniúcháireachta mar a comhaontaíodh idir an Bord agus an Coiste Iniúcháireachta. Is iad feidhmeanna an Choiste ná: -

- comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh leis an mBord agus leis an ardbhainistíocht maidir le ceisteanna ar bith a bhaineann le feidhm iniúchta inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim, de réir mar a mheasann an Coiste a bheith riachtanach, nó cuí, lena n-áirítear a eagraíocht, acmhainní, oiliúint, úsáid na teicneolaíochta, srl.;
- breith a dhéanamh ar éifeachtúlacht na socrúithe um bainistiú riosca;
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an [gCairt Iniúcháireachta Inmheánaí](#), de réir mar is cuí;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-Phlean Bliantúil Iniúcháireachta Inmheánaí sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird é lena cheadú go foirmiúil;
- monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Phlean ar bhonn ráithiúil;

- 
-
- measúnú a dhéanamh ar thorthaí iniúchtaí, le haird ar thorthaí iniúchtaí, moltaí agus freagraí lucht bainistíochta;
 - measúnú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú gnómartha ceartaitheacha comhaontaithe ag an lucht bainistíocht, agus aird ar iniúchtaí leantacha;
 - tuarascálacha/coimrí speisialta a iarraidh ón bhfeidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus ón mBainistíocht Oibríochta de réir mar is cuí; agus
 - forbairt dea-chleachtais san fheidhm iniúcháireachta inmheánaí a chothú.

Caibidil 5 – Rialachas Tionscadail

Mar gheall ar éagsúlacht na dtionscadal a dtugtar fúthu sna Coimisinéirí Ioncaim, teastaíonn bainistiú éifeachtach tionscadail agus socrúithe rialachais gaolmhara. Sainmhínítear sa ‘Chreat Tionscadail’ leibhéil údaráis agus chinnteoireachta agus tugtar soiléireacht ann ar róil agus cuntasacht. Leis an gCreat seo, ceadaítear do bhainistiú éifeachtach ar acmhainní, costais agus rioscaí tionscadail. Cabhraíonn an creat lena chinntiú go ndéanann na daoine cuí cinní tábhachtacha ag na hamanna cuí. Ós rud é gur féidir éagsúlacht mhór a bheith ann i scóip agus cineál na dtionscadal gnó, cuirtear solúbthacht ar fáil faoin gcreat atá ar cóimhéid le méid an tionscadail agus ag an am céanna cloí le prionsabail an dea-rialachais. Faoin gcreat seo, is faoin FFT (féach leathanach 11) a thiteann freagrachtaí le haghaidh rialachas tionscadal TFC. Tá tionscadail nach tionscadail TFC iad á rialú ag fo-ghrúpaí an CCB de réir mar is cuí.

Tá an creat rialachais arna leagan amach thíos ábhartha do gach tionscadal, ag leibhéal Rannóige nó Náisiúnta ó thús an tionscadail go dtí athbhreithniú tar éis a fhorfheidhmithe. Tá an Coiste Comhairleach Bainistíochta agus an Rúnaí Cúnta do Thionscadail Rannóige mar Chomhlacht Coimisiúnaithe do mhóρθionscadail náisiúnta. Féadfar achoimre a dhéanamh ar an gcreat rialachais mar seo a leanas: -

- ceadaíonn an comhlacht coimisiúnaithe cuí an tionscadal;
- sanntar úinéir gnó do thionscadail cheadaithe;
- maírsíonn bainisteoir tionscadail ceaptha dul chun cinn an tionscadail;
- Bord Tionscadail faoi chathaoirleacht Urra Gnó (nó Úinéir Gnó ag brath ar mhéid/scála/criticiúlacht an tionscadail), ina mbeidh príomh-gheallsealbhóirí agus comhairleoir Rialachais agus Bainistíochta Tionscadail neamhspleách;
- bainistítear an tionscadal trí thuarascálacha um dhul chun cinn in aghaidh garspriocanna, pleananna ardleibhéil agus liostaí um pointí gnímh; agus
- cuireann an tÚinéir Gnó a ainm leis an Athbhreithniú Iar-Fhorfheidhmithe.

Bainistíocht Tionscadail

Cinntíonn an creat go mbíonn an tÚinéir Gnó (Rúnaí Cúnta i ngnáth-thionscadail) in ann cinneadh rithábhachtach “déan / ná déan” a dhéanamh gan aon mhórchostas tionscadail a thabú ag aon am. Go hiondúil, déantar monatóireacht ar dhul chun cinn trí thuarascálacha rialta ón mBord Tionscadail.

Maírsíonn an Bord Tionscadail an tionscadal agus déanann sé monatóireacht ar a dhul chun cinn in aghaidh garspriocanna comhaontaithe trí thuairiscí a thógtar ó phleananna ardleibhéil, maolú riosca agus liostaí um pointe gnímh óna gcruinnithe rialta. Príomh-chomhpháirt den tsamhail is ea infhaighteacht chomhairle/tacaíocht neamhspleách i gcúrsaí Rialachais agus Bainistíochta Tionscadail don Úinéir Gnó, Bord Tionscadail agus Bainisteoir Tionscadail. I gcás móρθionscadal, cuireann Aonaid um Bainistiú Tionscadail tacaíocht ar fáil.

Caibidil 6 – Straitéis, Pleanáil Gnó agus Athbhreithniú Feidhmíochta

Ráiteas Straitéise

Cuirtear Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim, i gcomhréir leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, faoi bhráid an Aire Airgeadais, cuireann an Rialtas ar an taifead é agus cuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais é sula bhfoilsítear é. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise treo straitéiseach na gCoimisinéirí Ioncaim agus sainaithnítear ann na príomh-shaincheistean, tosaíochtaí, treonna nua agus torthaí atá i gceist do na Coimisinéirí Ioncaim. Cuirtear in iúl sa Ráiteas chomh maith prionsabail, luachanna agus fíis na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis an gcaoi a ndéantar obair agus an chaoi a mbaintear amach spriocanna agus cuspóirí. Cuirtear ar fáil ann creat ardleibhéil de nithe ineachadta agus de spriocanna feidhmíochta agus leagtar amach ann straitéisí do chuspóirí gnó agus do na torthaí inmhianaithe.

Cuirtear gach Ráiteas Straitéise le chéile tar éis machnamh ar an timpeallacht a bhfuil tionchar aici ar na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear dúshláin, rioscaí agus deiseanna roimh an eagraíocht. Tagann sé leis an gClár reatha don Rialtas agus leis an tionchar féideartha ar thosaíochtaí amach anseo na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá ról geallsealbhóirí na gCoimisinéirí Ioncaim, go háirithe a ndaoine, lárnach i bpróiseas ceapacháin na straitéise.

Creat Pleanála Bliantúla

Le cur chuige ar leibhéil iomadúla maidir le pleanáil gnó, tacaítear le treo straitéiseach a bhaint amach, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Bíonn tosaíochtaí ardleibhéil bliantúla mar bhunús d'fhorbairt pleananna gnó oibríochtúla a aistrítear arís ina bpleananna Brainse / Ceantair agus níos déanaí ina bpróifílí róil aonair faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).

Athbhreithniú agus Forbhreathnú Feidhmíochta

Déanann an Bord agus an CCB monatóireacht ar dhul chun cinn in aghaidh an Ráitis Straitéise agus an Phlean Chorparáidigh Bhliantúil ar bhonn rialta.

Tuarascáil Bhliantúil

Foilsíonn an Bord tuarascáil bhliantúil, de réir mar is gá faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 agus leagtar amach inti na príomhéachtaí agus na príomhfhorbairtí le linn na bliana chun straitéisí na gCoimisinéirí Ioncaim a bhrú chun cinn. Cuirtear an tuarascáil faoi bhráid an Aire Airgeadais, cuireann an Rialtas ar an taifead í agus cuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais í sula bhfoilsítear í.

Caibidil 7 Socruithe Bainistíochta Airgeadais

Bainistíocht Airgeadais

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta do scoth na bpróiseas agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais a úsáid chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus slándáil a n-oibríochtaí a chinntiú. Tá an Cathaoirleach, agus é ag leanúint de chuntasacht a choinneáil, tar éis socrúithe a chur i gcrích chun deamhaoirseacht agus dualgais rialachais a éascú.

Tá Rúnaí Cúnta Rannóg an Ard-Chuntasóra agus na Pleanála Straitéisí freagrach as gach gné den bhainistíocht airgeadais agus de na feidhmeanna baincéireachta le cinntiú go bhfuil córas ceart cuntasáochta i bhfeidhm. Áiríonn sé seo: -

- cuntasáocht agus tuairisciú ar gach cáin agus dleacht;
- monatóireacht, eagrú agus rialúchán acmhainní airgeadais; agus
- maoirseacht ar fháltais agus caiteachas.


Cuirtear cuntais deireadh bliana faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) taobh istigh de thrí mhí roimh dheireadh gach bliana airgeadais.

Mar comhalta de Bhord tras-Státseirbhíse an Chláir um Sheirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais, tá ionchur suntasach ag na Coimisinéirí Ioncaim in obair an ghrúpa. Tá roinnt ball foirne eile sa réimse seo páirteach i ngrúpaí éagsúla atá bainteach leis an obair agus grúpaí comhairleacha próisis.

Soláthar poiblí

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta dá bhfeidhm sholáthair a chur i bhfeidhm go hoscailte, go cóir agus ar bhealach a bhaineann an luach is fearr ar airgead poiblí amach. Déanann an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus Lóistíochta (TFCL) bainistiú lárnach ar an bhfeidhm sholáthair agus tá Oifigeach Soláthair ainmnithe, ar leibhéal Príomhoifigigh, freagrach as cinntiú go gcomhlíonann beartas, nósanna imeachta agus cleachtais soláthair na gCoimisinéirí Ioncaim rialacha soláthair Náisiúnta agus an AE. Foilsítear an t-ábhar seo ar RevNET agus tá sé ar fáil do gach Rannóg/ball foirne. Tá Comhairleoir Soláthair Rannóige i ngach Rannóg sna Coimisinéirí Ioncaim agus faigheann sé nó sí tacaíocht agus treoir ón Rannóg TFCL i ndáil le riachtanais shonracha soláthair i réimsí éagsúla gnó. Tá gach Rannóg freagrach as a soláthar féin agus ní mór dóibh cloí le Beartas Soláthair na gCoimisinéirí Ioncaim.

Glacann na Coimisinéirí Ioncaim páirt iomlán i dtionscnaimh leanúnacha atá ar bun ag an Oifig um Soláthar Rialtais chun coigilteas soláthair agus comhtháthú foinsithe a bhaint amach.



Déanann an Cathaoirleach, mar Oifigeach Cuntasaíochta, tuairisciú bliantúil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina dtugtar cuntas ar shonraí faoi aon chonarthaí a bhronntar ar a bhfuil luach os cionn €25,000, gan CBL a áireamh, agus nach raibh faoi réir próiseas tairisceana iomaíoch.

Foilsítear sonraí faoi íocaíochtaí as earraí agus seirbhísí ar a bhfuil luach €20,000 gan CBL san áireamh nó os a chionn ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar bhonn ráithiúil.

Comhlíontacht Chánach

Tá Rúnaí Cúnta Rannóg an Ard-Chuntasóra agus na Pleanála Straitéisí freagrach as cinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun dliteanais chánach na gCoimisinéirí Ioncaim a bhainistiú go héifeachtach agus chun gealltanais a thabhairt don Bhord go gcomhlíonann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ina hiomláine na dualgais reachtúla chánach agus dleachta.

Caibidil 8 Socruithe Iniúcháireachta Inmheánaí agus Dearbhaithe

Iniúcháireacht Inmheánach

Tá ról lárnach ag feidhm iniúcháireachta inmheánaí na gCoimisinéirí Ioncaim i socruithe rialachais chorparáidigh. Feidhmíonn sé faoi chairt an [Internal Audit Charter](#); tá sé á bhainistiú ag Stiúrthóir Iniúcháireachta Inmheánaí; feidhmíonn sé go neamhspleách ar struchtúir bhainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim; faoi threoir ghinearálta agus maoirseacht an Choiste Iniúcháireachta. Tá sé de chumhacht aige iniúchadh a dhéanamh ar gach córas agus próiseas sna Coimisinéirí Ioncaim agus tá rochtain gan srian aige ar gach taifead, pearsanra, córas TFC agus sócmhainn chun críocha iniúcháireachta. Cuireann sé cur chuige córasach agus smachtaithe ar fáil maidir le measúnú ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh. Sainiúnn sé agus tuairiscíonn sé maidir le laigí agus déanann sé moltaí maidir le feabhas, de réir mar is cuí. Cuireann sé ráthaíocht neamhspleách ar fáil maidir le leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú.

Tuairiscíonn an Stiúrthóir Iniúcháireachta Inmheánaí go díreach don Chathaoirleach maidir le gníomhaíochtaí Bhainistíochta Inmheánaí na gCoimisinéirí Ioncaim; chuig an gCoiste Iniúcháireachta ag a chruinnithe ráithiúla; agus do Rúnaí Cúnta na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha ar ábhair riaracháin agus bhuiséadacha.

Tá an Brainse um Iniúchadh Inmheánach faoi réir iniúchta seachtrach chomh maith.

Creat Dearbhaithe

Mar thaca faoi chreat rialachais chorparáidigh na gCoimisinéirí Ioncaim, tá próiseas comhtháite agus illeibhéil trína gcuirtear gealltanais agus maoirsiú ar fáil ar shocruithe rialachais. Cuimsíonn sé feidhmeanna iniúcháireachta inmheánaí agus seachtraí agus feidhmeanna scrúdaithe araon. Tacaíonn sé seo le lucht bainistíochta chun gealltanais a thabhairt don Bhord go bhfuil socruithe éifeachtacha i bhfeidhm le cuidiú lena chinntiú go gcloítear le dualgais reachtúla, rialála agus airgeadais na gCoimisinéirí Ioncaim. Cuireann sé modh ar fáil chomh maith chun laigí féideartha sa chóras um rialú inmheánach a aimsiú.

Tá an mhaoirseacht ar dhearbhuí inmheánach á cur ar fáil go príomha tríd an gCoiste Iniúcháireachta, an Coiste Bainistíochta Riosca agus foghrúpaí cuí an CCB. Cuirtear maoirsiú seachtrach ar fáil go príomha tríd an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Coiste um Chuntais Phoiblí an Oireachtais. Mar aon leis sin, scrúdaíonn Coimisiún an AE na Coimisinéirí Ioncaim agus aird ar leith acu ar fheidhmeanna custam, bailiú dleachtanna custam agus bainistíocht Acmhainní Féin.



Nochtuithe Cosanta

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, cuirtear creat reachtúil ar fáil ina bhféadann oibrithe inní a ardú maidir le héagóir agus iad ar an eolas go féadtar leas a bhaint as cosaintí suntasacha má ghearrtar pionós orthu as é sin a dhéanamh. Faoin Acht seo, iarrtar ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád chun déileáil le nochtuithe cosanta.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta do chultúr agus timpeallacht chuí a chothabháil trína dtugtar spreagadh agus tacaíocht do bhaill foirne ó thaobh ábhar inní a thionscnamh i ndáil le héagóir fhéideartha san ionad oibre, agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil do bhaill foirne a thionscnaíonn fíor-ábhair inní.

Tá beartas Nochtuithe Cosanta agus Treoir Foirne ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cén chaoi le nochtadh cosanta a dhéanamh. Maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim, dírtar gach nochtadh ar éagóir fhéideartha chuig an “Grúpa Nochtuithe Cosanta”, agus cuirtear iad faoi réir measúnaithe agus imscrúdaithe de réir mar is cuí. Tá ‘Polasaí na gCoimisinéirí Ioncaim um Thuairisciú Nochtuithe Cosanta san Ionad Oibre’ foilsithe ar ár suíomh idirlín ar

www.revenue.ie/ga/corporate/statutoryobligations/protected-disclosures/protected-disclosure.pdf

Rialáil Brústocaireachta

De réir Alt 6(4) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, foilsítear ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ainmneacha na ‘nOifigeach Ainmnithe Poiblí’ in éineacht le cur síos gairid ar a gcuid feidhmeanna. Féach www.revenue.ie/ga/corporate/statutory-obligations/regulation-of-lobbyingact/index.aspx.



Caibidil 9 Bainistíocht Sonraí

Tá bainistiú éifeachtach ar shonraí lárnach i mbainistiú agus forfheidhmiú foriomlán na cosanta sonraí ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim. Áirítear san fheidhm seo comhordú ar iarratais ar rochtain ar shonraí, sárúithe ar shonraí agus comhaontaithe malartaithe sonraí.

Moltar do lucht bainistíochta agus don fhoireann uile go rialta eolas a chur ar na cóid, rialacha agus rialacháin ábhartha de réir mar a bhaineann siad leo i mbun a gcuid oibre.

Tá liosta in Aguisín 2 den reachtaíocht agus de na rialacháin thábhachtacha eile rialachais.

Comhroinnt Sonraí

Tá an fhaisnéis agus sonraí i gcoílár ghnó na gCoimisinéirí Ioncam. Tá bearta agus polasaithe slándála i bhfeidhm chun sonraí a choinneáil slán agus rúndacht a chosaint. Ní fhéadtar malartuithe sonraí idir na Coimisinéirí Ioncaim agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear riaracháin cánacha eile, a dhéanamh ach amháin de réir na riachtanas reachtúil agus ar bhealach a shásaíonn caighdeáin slándála faisnéise agus cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cosaint Sonraí

Tugtar comhairle rialta do gach ball foirne maidir lena bhfreagrachtaí i leith sonraí a bhfuil teacht acu orthu. Le cinntiú gur cuí an rochtain agus an úsáid a bhaintear as sonraí, déantar iniúchtaí córais le cinntiú go gcomhlíonann an rochtain agus an úsáid polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim www.revenue.ie/ga/corporate/statutory-obligations/data-protection/data-protection-policy-inrevenue/index.aspx.

I mí na Bealtaine 2018, tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (**RGCS**) i bhfeidhm agus tháinig sé in áit na Treorach AE um Chosaint Sonraí, 1995. Is éard atá san **RGCS** ná rialachán i ndlí an AE a chlúdaíonn cosaint sonraí agus cearta príobháideachais daoine is ábhar do shonraí. Faoin rialachán nua, láidrithe an rialachas i leith sonraí, rud a thugann smacht níos fearr do dhaoine aonair ar a gcuid sonraí pearsanta a bhailíonn agus a choinníonn rialálaithe sonraí, na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh.

Saoráil Faisnéise

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, ligtear don phobal teacht, a mhéad is féidir ar aon dul le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachais, ar eolas faoi choinneáil ag comhlachtaí poiblí. Féach <https://www.revenue.ie/ga/corporate/statutory-obligations/freedom-of-information/foi-inrevenue/index.aspx>.



Rúndacht Cáiníocóirí

Tá sé ina thosaíocht i gcónaí rúndacht ár gcáiníocóirí a chosaint. Trí Alt 851A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá bonn foirmiúil anois le rúndacht cáiníocóirí agus tá foráil shonrach ann a bhaineann le cáin trína ndearbhaítear do cháiníocóirí go bhfuil faisnéis tráchtála a nochtar do na Coimisinéirí Ioncaim cosanta ar nochtadh neamhúdaraithe le daoine eile.

Nós Imeachta maidir le Gearáin ó Chustaiméirí

Tá Nós Imeachta maidir le Gearáin ó Chustaiméirí ag na Coimisinéirí Ioncaim. Aon chustaiméirí atá míshásta leis an gcaoi ar láimhseáil na Coimisinéirí Ioncaim a ngnóthaí cánach, féadann siad roghnú go ndéanfadh oifigeach sinsearach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar a gcás go hinmheánach, é sin nó ag Athbhreithneoir Seachtrach. Féach www.revenue.ie/ga/corporate/documents/customer-service/cs4.pdf .

Caibidil 10 – Cumarsáid

Cumarsáid Inmheánach

Is iad seo a leanas na prionsabail agus na luachanna atá mar bhonn agus taca faoi bheartas cumarsáide inmheánaí na gCoimisinéirí Ioncaim: -

- cumarsáid a dhéanamh ar bhonn tráthúil agus cuí sna Coimisinéirí Ioncaim maidir le forbairtí suntasacha san eagraíocht nó a bhfuil tionchar acu ar an eagraíocht;
- an fhoireann a chur ar an eolas maidir le forbairtí, faisnéis a lorg agus a bheith rannpháirteach go gníomhach sa chumarsáid;
- na cleachtais agus na noirm a chothú a chuireann ar chumas na foirne uile ár dtuairimí agus ár nábhair inní a chur in iúl go hoscailte;
- aird a tharraingt ar saincheistanna atá ina n-ábhar inní don fhoireann;
- éisteacht le tuairimí agus ábhair inní, iad a mheas agus freagairt dóibh ar bhonn tráthúil; agus
- cinntiú go mbíonn gach cumarsáid inmheánach cúirtéiseach agus go gcuirtear i láthair iad i dteanga shoiléir, neamh-idirdhealaitheach.

Déantar achoimre i [gCairt na gCoimisinéirí Ioncaim um Rannpháirtíocht Fostaithe](#) ar shraith gealltanais trína dtugtar tacaíocht do thimpeallacht dhearfach oibre agus d'fhórsa saothair atá gafa lena chúram.


Is é an t-inlíon an príomhbhealach chun eolas a scaipeadh go himmheánach sna Coimisinéirí Ioncaim. Tacaíonn sé seo go héifeachtach le rochtain ar agus comhroinnt faisnéise, nuachta agus smaointe do bhainisteoirí agus don fhoireann.

Cuirtear Cumarsáid Inmheánach chun cinn chomh maith trí struchtúir Chomhpháirtíochta na gCoimisinéirí Ioncaim, Fóraim Caidrimh Thionsclaíoch agus trí thabhairt faoi shuirbhéanna cumarsáide inmheánaí ar fud na heagraíochta go rialta. Modh éifeachtach atá sa CBFF chomh maith le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh idir bainisteoirí agus sealbhóirí poist ag gach leibhéal.

Cumarsáid Sheachtrach

Is tábhachtach go mór do na Coimisinéirí Ioncaim an chumarsáid sheachtrach agus déanann siad iarracht dea-chaidreamh a chothú le gach geallsealbhoir. Cothaíonn siad agus is mór acu an gá atá le cumarsáid ón dá thaobh agus labhraíonn agus éistean siad le príomheagraíochtaí, gníomhaireachtaí seachtracha, cáiníocóirí agus an pobal.

Tugann na Coimisinéirí Ioncaim cuireadh do Ranna Rialtais, eagraíochtaí, gníomhaireachtaí ábhartha, cumainn agus grúpaí a dtuairimí agus tograí a mheasann siad a bheith cuí a chur isteach, mar shampla



agus iad ag múnlú an Ráitis Straitéise. Féadfaidh sé go dtugtar cuireadh don phobal i gcoitinne a bheith páirteach sa phróiseas chomh maith trí shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, www.revenue.ie.

Soláthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis ar bhonn leanúnach. Úsáidtear an teicneolaíocht mar phríomhacmhainn chumarsáide. Is é aidhm na gCoimisinéirí Ioncaim rochtain éasca ar fhaisnéis a sholáthar agus sa chaoi seo eolas agus feasacht ar theidlíochtaí agus dualgais ar chúrsaí cánach agus custam go ginearálta a mhéadú. Mar shampla féadfaidh leantóirí Twitter roghnú tvúiteanna rialta a fháil a bhaineann le cúrsaí cánach agus custam na hÉireann lena n-áirítear preaseisiúintí, an nuacht is déanaí, foilseacháin, eolas nua faoi cháin, feachtais phoiblíochta, srl. Chomh maith leis sin, aithnítear i gcreat rialachais chorparáidigh na gCoimisinéirí Ioncaim go bhfuil gá le cumarsáid sheachtrach éifeachtach dhá bhealach, agus dá réir tá réimse leathan bealaí cumarsáide ar fáil do gheallsealbhóirí leis na Coimisinéirí Ioncaim. Is é príomhchuspóir cumarsáid sheachtrach na gCoimisinéirí Ioncaim ná: -

- cumarsáid shoiléir a dhéanamh lenár ngeallsealbhóirí;
- eolas soiléir, in am is i dtráth agus sothuigthe a thabhairt dár gcustaiméirí ionas go bhféadfaidh siad a bheith comhlíontach go saorálach ó thaobh cánach de; agus
- na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíontacht a chur in iúl.

Caibidil 11 – Caidreamh le Geallsealbhóirí

Caidreamh leis an Aire Airgeadais agus an Roinn Airgeadais

Leagtar amach i gCaibidil 1 neamhspleáchas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar rialú an Aire maidir le feidhmiú a fheidhmeanna faoin reachtaíocht chánach agus custam. I gcás cúrsaí taobh amuigh de scóip an neamhspleáchais seo, tuairiscíonn an Cathaoirleach, de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, don Aire Airgeadais agus tá sé cuntasach as feidhmíocht fhoriomlán na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le riar an chánachais agus na gcustam agus le forfheidhmiú Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim. Go ginearálta, déanann an tAire Airgeadais na nithe seo: -

- cuireann reachtaíocht a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim faoi bhráid an Oireachtais;
- cuireann Tuarascáil Bhliantúil agus cuntais na gCoimisinéirí Ioncaim faoi bhráid Thithe an Oireachtais;
- cuireann meastacháin chaiteachais na gCoimisinéirí Ioncaim faoi bhráid na Dála;
- cuireann tuairimí, seasaimh agus breithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le moltaí i láthair na Comh-Aireachta;
- déanann ionadaíocht thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim ag cruinnithe de chuid an Choiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach; • ceapann Cathaoirleach ar na Coimisinéirí Ioncaim; agus
- ceadaíonn Ráitis Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá freagracht ag an Roinn Airgeadais as beartas cánach agus téann a hoifigigh i gcomhairle agus oibríonn siad go dlúth le hoifigigh sna Coimisinéirí Ioncaim ar réimse leathan saincheisteanna bainteacha. Tugtar feidhm sa Bhille Airgeadais d'fhorálacha cánachais an Bhuiséid agus beartais chánachais an Rialtais. Mar gheall ar an nádúr speisialaithe agus teicniúil atá i gceist le beartas cánachais a fhorfheidhmiú, tá ról uathúil ag na Coimisinéirí Ioncaim i bhfoirmlíú na reachtaíochta riachtanaí, thar ceann na Roinne Airgeadais. Nuair a bhíonn forálacha an Bhille Airgeadais á ndrúchtú i gcomhairle le hOifig na Comhairle Parlaiminte gach bliain oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhar leis an Roinn Airgeadais ar shaincheisteanna beartais cánachais. Oibríonn sé chomh maith le Ranna eile Rialtais ar shaincheisteanna amhail beartas comhshaoil agus tionsclaíoch a bhféadfadh impleachtaí cánachais a bheith iontu.

Ina theannta sin, buaileann an tArd-Rúnaí agus Fo-Rúnaí na Roinne leis an gCathaoirleach agus leis na Coimisinéirí ar bhonn rialta. Is é cuspóir na gcruinnithe seo plé agus dul i gcomhairle, ag leibhéal straitéiseach, maidir le forbairtí i mbeartais chánach agus custam, reachtaíocht, riarachán agus léirmhíniú náisiúnta agus idirnáisiúnta.



Caidreamh le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile

Mar aon le rannpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais, téann na Coimisinéirí Ioncaim i ngleic chomh maith le Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí eile maidir le tionscnaimh tras-rannacha agus obair ghníomhaireachta a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim thar ceann comhlachtaí eile. Go ginearálta, áirítear san obair seo: -

- bailiú ÁSPC thar ceann na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí;
- obair ghníomhaireachta do Ranna nó comhlachtaí eile; agus
- rannpháirtíocht i dtionscnaimh athnuachana na Státseirbhíse.

Oibríonn Grúpa Idirchaidrimh Ardleibhéil na gCoimisinéirí Ioncaim/na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun comhoibriú idir an dá eagraíocht a láidriú d'fhonn comhlíontacht chánach a fheabhsú agus dul i ngleic le calaois chánachais agus leasa shóisialaigh. Déanann an grúpa seo iarracht chomh maith chun socruithe a threisiú lena chinntiú go roinntear faisnéis atá á coinneáil in eagraíocht amháin agus atá ábhartha don eagraíocht eile nuair is cuí.

Comhoibríonn na Coimisinéirí Ioncaim leis an bPríomhoifig Staidrimh trí Ghrúpa Ardleibhéil, agus oibríonn chomh maith leis an Roinn Comhshaoil agus le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach d'fhonn, nuair is féidir é, tíolacadh dúbailte sonraí agus an t-ualach riaracháin ar ghnóthaí a laghdú. Coimeádtar teagmháil rialta idir na Coimisinéirí Ioncaim agus na comhlachtaí seo chun éifeacht leanúnach socruithe rialachais a chinntiú.


Chun dul i ngleic le scáthghníomhaíochtaí geilleagair ag leibhéal oibríochtúil, oibríonn Aonaid ChomhImscrúduithe na gCoimisinéirí Ioncaim go dlúth le hAonaid Imscrúduithe Speisialta na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

Sa troid in aghaidh drugaí neamhcheadaithe, oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhoibriú leis an nGarda Síochána, an tSeirbhís Chabhlaigh, an tAerchór, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus le Gníomhaireachtaí eile Stáit agus ag leibhéal idirnáisiúnta le gníomhaireachtaí eile um fhorfheidhmiú dlí lena n-áirítear Europol agus an tIonad um Oibríochtaí agus Anailís Muirí - Támhshuanaigh.

Caidrimh le cleachtóirí agus ionadaithe gnó

Téann na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil agus i gcomhairle rialta le cleachtóirí agus le comhlachtaí ionadaíocha gnó amháin an Coiste Idirchaidrimh Riaracháin Cánach (CIRC), an Coiste Sainchomhairleachta Custam agus an Grúpa Monatóireachta maidir leis an nGeilleagar Folaithe.

- Cuimsíonn an Coiste Idirchaidrimh Riaracháin Cánach (CIRC) na Coimisinéirí Ioncaim, Institiúid Cánachais na hÉireann, Coiste Comhairleach Chomhlachtaí Cuntasaíochta na hÉireann (CCABI) agus




Dlí-Chumann na hÉireann. Príomhfóram rannpháirtíochta idir na Coimisinéirí Ioncaim agus cleachtóirí riaracháin cánachais in Éirinn is ea CIRC;

- Tá an Coiste Sainchomhairleachta Custam comhdhéanta d'ionadaithe ó eagraíochtaí trádála atá páirteach sa ghnó iompórtála/easpórtála agus na Coimisinéirí Ioncaim. Cuireann an Coiste fóram ar fáil do lucht trádála chun tionscnaimh reachtacha custam an AE agus nósanna imeachta beartaithe a phlé agus is deis é d'ionadaithe trádála simpliú agus éascú nósanna imeachta custam agus cúrsaí eile a bhfuil leas comhchoiteann iontu a chur chun cinn; agus
- Grúpa neamhreachtúil atá sa Ghrúpa Monatóireachta maidir leis an nGeilleagar Folaithe (GMGF) ina bhfuil ionadaithe ó ghrúpaí gnó, ceardchumainn agus gníomhaireachtaí Stáit, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Fóram is ea an grúpa seo chun tuairimí a mhalartú agus cuireann léargais ar fáil mar aon le tionscnaimh agus smaointe nua a mholadh le dul i ngleic leis an scáthgeilleagar.

Aguisín 1 – Rannóga na gCoimisinéirí Ioncaim

Rannóg	Cur síos ar an Ról
An tArd-Bhailitheoir	Freagrach as cánacha a bhailiú agus as cláir bainistithe fiachais a fheidhmiú, lena n-áirítear idirghabhálacha cuí chun an chomhlíontacht in am is i dtráth is fearr a bhaint amach. Freagrach chomh maith as gníomh forfheidhmiúcháin a thógáil ina gcoinne siúd a loiceann a bheith comhlíontach
Seirbhísí Corparáideacha	Freagrach as straitéisí bainistíochta acmhainní daonna na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear pleanáil an lucht oibre, earcaíocht, forbairt oiliúna agus inniúlachta, forbairt eagraíochtúil, bainistíocht an bhuiséid riaracháin, iniúcháireacht inmheánach; rialachas; comhlíontacht faisnéise agus athchóiriú corparáideach
Custaim	Freagrach as reachtaíocht agus córais Custam a fhorbairt agus as cinntiú go bhfeidhmítear rialuithe custam. Freagrach chomh maith as dul i bhfeidhm ar fhorbairt an bheartais AE ar gach ábhar a bhaineann le custaim, lena n-áirítear feidhmiú Chód Custam an Aontais AE agus as ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na gCoimisinéirí Ioncaim agus na hÉireann ag roinnt fóram éagsúil idirnáisiúnta.
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide agus Lóistíochta	Freagrach as seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide slán, iontaofa agus ardchaighdeán a chur ar fáil, chomh maith le nuálaíocht, inoiriúnaitheacht agus dul chun cinn nua sa teicneolaíocht. Freagrach freisin as bainistiú agus seachadadh seirbhísí lóistíochta atá lárnach ó thaobh reachtáil na gCoimisinéirí Ioncaim
Imscrúdaithe, Ionchúisimh agus Bainistíochta Teorainneacha	Freagrach as feidhm imscrúdaithe choiriúil na gCoimisinéirí Ioncaim a threorú, as sábháilteacht agus slándáil fhoriomlán an tslabhra soláthair a chinntiú agus as teorainneacha seachtracha an AE a bhainistiú agus as toirmeasc agus srianta ábhartha ar an leibhéal náisiúnta a chur i bhfeidhm.
An tArd-Chuntasóir agus Pleanáil Straitéiseach	Freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú polasaithe gnó agus as monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí náisiúnta comhlíontachta cánach. Tá an Rannóg freagrach freisin as tomhas agus tuairisciú feidhmiúchta, staidreamh agus taighde eacnamaíoch. Freagrach chomh maith as bainistiú airgeadais agus faisnéise, feidhmeanna baincúireachta, feidhmeanna cumarsáide agus bainistíochta eolais
Dlíodóir na gCoimisinéirí Ioncaim	Freagrach as seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta dlí a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim lena náirítear maidir le dlíthíocht agus achomhairc a dhéanamh agus in ionchúiseamh cionta coiriúla
Beartas agus Reachtaíocht Cánacha Gnó	Freagrach as feidhmeanna beartais, reachtaíochta agus mínitheacha maidir le cáin gnóthachan caipitiúil, cáin chorparáide, dreasachtaí, seirbhísí airgeadais agus cánacha eile gnó
Beartas agus Reachtaíocht Cánacha Indíreacha	Freagrach as beartas cánach indíreach a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta agus AE agus as cinntiú go ndéantar CBL, Mál agus Cáin Cláraithe Feithiclí a riar go héifeachtúil agus go héifeachtach
Cánachas Idirnáisiúnta	Freagrach as caidreamh gníomhach leis an Aontas Eorpach (AE) agus leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD); i dtaca le monatóireacht a dhéanamh ar líonra conarthaí cánach na hÉireann agus é a choinneáil cothrom le dáta; praghsáil aistriú le húdarás eile chánach ar Nósanna Imeachta um Chomhaontuithe Frithpháirteacha (MAP) agus ar Réamh-Chomhaontuithe Praghsála (APA); agus le haghaidh malartú faisnéise le húdarás chánach eile.
Beartas agus Reachtaíocht Cánacha Pearsanta	Freagrach as beartas maidir le cáin phearsanta agus cánacha caipitiúla a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta agus AE agus as feidhmeanna beartais, reachtaíochta agus mínitheacha a bhainistiú le haghaidh cánacha pearsanta agus caipitiúla (gan cáin gnóthachan caipitiúil san áireamh)
Cánacha Gnó	Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúcháireachta le haghaidh eintiteas cláraithe le haghaidh CBL, CCI agus Custaim agus Mál. Freagrach chomh maith as eintitis ceadúnais máil le hioncam trádála nó gairmiúil, Stiúrthóirí Dílseánaigh agus FoChuideachtaí/Máthairchuideachtaí cuideachtaí i Rannóg na gCánacha Gnó
Cásanna Móra – Daoine Ardrachmais	Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúcháireachta le haghaidh na ndaoine is saibhre sa Stát, scéimeanna pinsin/árachais agus cistí scoir. Freagrach freisin as dúshlán a chur roimh idirbhearta seachanta cánach trí fheidhm a bhaint as an Riail Ghinearálta um Fhrith-Sheachaint
Corparáidí Móra	Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúcháireachta le haghaidh na gcustaiméirí gnó is mó sa Stát. Freagrach freisin as dúshlán a chur roimh idirbhearta seachanta cánach trí fheidhm a bhaint as an Riail Ghinearálta um Fhrith-Sheachaint
An Rannóg Fiontar Meánmhéide	Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúcháireachta le haghaidh fiontair mheánmhéide agus stiúrthóirí dílseánaigh agus fochuideachtaí/máthairchuideachtaí ar chuideachtaí na Rannóige Fiontar Meánmhéide.



Cánacha Pearsanta	Freagrach as bainistíocht agus forbairt seirbhíse, comhlíontachta agus feidhmeanna do CMÁ, CFC, CCF agus do dhaoine aonair a bhfuil ioncam ÍMAT acu amháin agus do dhaoine/eintitis aonair nach bhfuil aon ioncam trádála nó gairmiúil acu lena n-áirítear iontaobhais, carthanais, comhlachtaí spóirt. Freagrach chomh maith as comhordú seirbhísí i nGaeilge agus Dleachtanna Stampa.
-------------------	---

Aguisín 2 – Riachtanais Rialachais Rialála

Ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim cloí leis na rialacha éagsúla a chuireann reacht agus an Rialtas i bhfeidhm orthu. Cuimsíonn sé seo réimse leathan reachtaíochta, ní hamháin a chlúdaíonn riarachán cánacha agus dleachtanna ach cóid chleachtais agus saincheistanna a bhaineann le slándáil, srl. I gcomhthéacs an rialachais, leagann comhlíontacht rialála amach an sprioc agus na cuspóirí a dtugann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim fúthu lena chinntiú go gcloíonn sé le dlíthe, rialacháin, treoirlínte, sonraíochta ábhartha mar aon lena luachanna agus prionsabail. Seo a leanas na príomhphósaí reachtaíochta ag a bhfuil baint dhíreach:-

Fostaíocht
An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998
Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000–2011
An tAcht um Míchumas, 2005
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
Dualgas Earnála Poiblí
Eitic
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (RSC amháin)
Cód Eiticí na gCoimisinéirí Ioncaim, 2015
Creat Caigndeán an Chóid Eiticí
Beartas Slándála agus Rúndachta na gCoimisinéirí Ioncaim
Sonraí/Faisnéis
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014
An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018
An tAcht Ombudsman, 1980 (arna leasú)
An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Rannóg Seirbhísí Corparáideacha amháin)
Soláthar poiblí
An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 (arna leasú le I.R. Uimhir 580 de 2012)
Comhlíontacht le nósanna imeachta um sholáthar
Polasaithe agus Nósanna Imeachta um Riarachán
Polasaí um Dhínit san Ionad Oibre, 2015
Straitéis um Rannpháirtíocht Fostaithe
Beartas um Thearcfheidhmíocht/Cód Smachta Athbhreithnithe 2018
Nósanna Imeachta um Pleanáil Chomhtháite Gnó agus Bainistíocht Riosca
Nósanna Imeachta um Bainistiú Freastail



Nósanna imeachta um Bainistiú Buiséid Tarmligthe (lena n-áirítear Am agus Cothabháil agus Ragobair)
Riachtanais um an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)
Feidhmiú Mholtaí na Tuarascála Iniúchóireachta Inmheánaí cuí

